CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 157/2020

an 23 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1732]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1935 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena n-oiriúnaítear na bunmhéideanna euro le haghaidh árachas slánaíochta gairmiúla agus le haghaidh acmhainneacht airgeadais idirghabhálaithe árachais agus athárachais ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 13e (Treoir (AE) Uimh. 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32019 R 1935**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1935 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2019 (IO L 301, 22.11.2019, lch. 3).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1935 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Deireadh Fómhair 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 214/2018 ó Chomhchoiste LEE an 26 Deireadh Fómhair 2018 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Sabine MONAUNI

([1]) IO L 301, 22.11.2019, lch. 3.
* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.
([2]) IO L 105, 25.3.2021, lch. 9.